# Deontais le Míreanna Caipitil a Cheannach, m.sh. Troscán agus Trealamh Scaoilte

(Arna Eisiúint Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Cuireann an Roinn Oideachais maoiniú ar fáil do scoileanna faoi chomhair troscáin, feisteas agus trealaimh ar bhealaí éagsúla mar chuid de mhórthionscadail tógála/cóiríochta breise nó i scoileanna atá ann cheana nach bhfuil aon tionscadal tógála ag teastáil iontu.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaiteachas an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

### 2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Faightear airgead deontais faoi chomhair troscáin/trealaimh | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2173 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2 Nuair a úsáidtear deontas troscáin/trealaimh le míreanna caipitil a cheannach:

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Taifeadtar caiteachas caipitil ar throscán/threalamh | DR | 1421 | Caipiteal: Caipiteal: Daingneáin, Feistis agus Trealamh - Breiseanna<br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
| --- | --- | --- | --- |
| Aistrítear an deontas troscáin/trealaimh chuig Caipiteal agus Cúlchistí | DR | 2173 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3920 | Ioncam Deontais ón RO faoi chomhair Daingneán, Feisteas agus Trealaimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**2.3 Amúchadh deontas**

Teicníc chuntasaíochta is ea an t-amúchadh a úsáidtear chun an luach deontais de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

An deontas troscáin/trealaimh a aithnítear thuas mar dheontas caipitil, ba cheart é a aithint ar bhonn córasach sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais. Moltar gur chóir an caiteachas deontais a amúchadh thar 5 bliana.

Is é cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile a dhéanfaidh na deontais a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
| --- | --- | --- | --- |
| Amúchadh ar an Deontas faoi chomhair Mionoibreacha Covid | DR | 3925 | Amúchadh Carntha ar Ioncam Trealaimh Caipitil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3225 | Amúchadh ar Dheontais Trealaimh ón RO<br>Ioncam |

**Nóta 1:** Beartas Amúchta – Deontas arna amúchadh thar 5 bliana

### 2.4 Dímheas ar chaiteachas ar throscán/threalamh

Teicníc chuntasaíochta is ea an dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar caiteachas caipitil an deontais troscáin/trealaimh a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an caiteachas deontais a dhímheas thar thréimhse 5 bliana.

Is é cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile a dhéanfaidh caiteachas deontais troscáin/trealaimh a dhímheas ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dímheas ar Dhaingneáin, Feistis agus Trealamh An Bhliain Reatha | DR | 8020 | Dímheas Bliantúil: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Caiteachas |
| | CR | 1431 | Dímheas: Daingneáin, Feistis agus Trealamh. An Bhliain Reatha Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 2:** Beartas Dímheasa Troscáin/Trealaimh - Earraí arna ndímheas thar 5 bliana

### 2.5 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh

Is deontais imfhálaithe iad na deontais troscáin/trealaimh agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2173 ‘Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh’.